2024. M118T

**2024L566A1IL**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Mandairínis

## Ardleibhéal

## Dé Luain, 17 Meitheamh    Maidin 9:30 – 12:00

160 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobhtar 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

| Don scrúdaitheoir | | | |
|---|---|---|---|
| C.1 | | | |
| C.2 | | | |
| C.3 | | | |
| C.4 | | | |
| | | | |
| C.5 | (a) | | |
| | (b) | | |
| | (c) | | |
| | | | |
| C.6 | (a) | | |
| | (b) | | |
| | (c) | | |
| | | | |
| | | Iomlán | |

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| **Páipéar 1** | |
| **Páipéar 2** | |
| **Iomlán** | |
| | |
| **Grád** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Léamh na Teanga | 80 marc |
| Freagair **GACH** ceist – Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 **AGUS** Ceist 4 | | |
| Roinn B | Scríobh na Teanga | 80 marc |
| Freagair **DHÁ** cheist – Ceist 5 (a) **nó** (b) **nó** (c) **AGUS** Ceist 6 (a) **nó** (b) **nó** (c). | | |

**Ní mór carachtair shimplithe Shínise a úsáid aon áit ar gá freagairt sa Mhandairínis.**

Scríobh do chuid freagraí le **peann gorm** nó le **peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

Scríobh do scrúduimhir sa bhosca ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. **Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.**

## Roinn A　　Léamh na Teanga　　80 marc

**Ceist 1**

Léigh réamhaisnéis na haimsire anseo thíos. Freagair na ceisteanna i **nGaeilge**.

今天是周一。现在是都柏林时间上午十一点半，北京时间下午六点半。都柏林今天下雨，明天不下雨。下面是都柏林和北京这几天的天气。

| | 周一 | 周二 | 周三 | 周四 | 周五 |
|---|---|---|---|---|---|
| 都柏林 | 十七度 | 二十一度 | 二十二度 | 十九度 | 十五度 |
| | 小雨 | 晴天 | 晴天 | 阴天 | 阴天 |
| 北京 | 三十二度 | 三十三度 | 三十度 | 二十九度 | 三十五度 |
| | 晴天 | 晴天 | 小雨 | 大雨 | 阴天 |

Foclóir: 都柏林 = Baile Átha Cliath

**(a)** Cén t-am anois é?

| |
|---|
| Am caighdeánach i mBaile Átha Cliath: |
| Am caighdeánach i mBéising: |

**(b)** Conas atá an aimsir i mBaile Átha Cliath inniu?

| |
|---|
| Aimsir: |
| Teocht: |

**(c)** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Beidh Baile Átha Cliath níos fuaire ná Béising an tseachtain seo. | | |
| **(ii)** | Beidh lá grianmhar ann Dé Máirt i mBaile Átha Cliath agus i mBéising araon. | | |
| **(iii)** | Is é an Chéadaoin an lá is fuaire a bheidh ann an tseachtain seo i mBéising. | | |

**Ceist 2**

Léigh an sliocht seo a leanas faoi dhá ainmhí.  Freagair na ceisteanna i **nGaeilge**.



我的家在中国。大家都很喜欢我，叫我'国宝'。我喜欢黑色和白色。我的眼睛是黑色的，耳朵是黑色的，手和脚也是黑色的。我的脸是白色的，身体也是白色的。

我认识了一个爱尔兰朋友。它跟我很像。它也喜欢黑色和白色。它的耳朵和脚是黑色的。它的身体是白色的。但是我们也不一样。它的脸是黑色的，眼睛是白色的。

Foclóir: 国宝 = seoid náisiúnta, 像 = mar a chéile

**(a)** Cad í tír dhúchais an ainmhí a luaitear sa chéad alt?

| |
|---|
| |

**(b)** Cén dá ainmhí a luaitear?

| |
|---|
| An t-ainmhí sa chéad alt: |
| An t-ainmhí sa dara halt: |

**(c)** Luaitear sa chéad alt ainmhí a bhfuil **ceithre** pháirt dá chorp dubh.  Ainmnigh **trí** cinn de na páirteanna coirp seo.

| |
|---|
| **(i)** |
| **(ii)** |
| **(iii)** |

**(d)** Sa dara halt, luadh **dhá** dhifríocht idir an dá ainmhí. Cad iad na difríochtaí?

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| **(ii)** |
| |

**(e)** Líon isteach na bearnaí sa tábla thíos. Tá na carachtair don chéad cholún le fáil sa téacs roimhe seo.

| Carachtar sa téacs (Freagair i **Mandairínis**) | Brí an charachtair (Freagair i **nGaeilge**) | Fréamh an charachtair (Freagair i **Mandairínis**) | Brí na fréimhe (Freagair i **nGaeilge**) |
|---|---|---|---|
| | baile | | |
| | | 灬 | |
| 眼 | | | |
| | | | adhmad / crann |

**Ceist 3**

Léigh an sliocht seo a leanas faoi thriúr lúthchleasaithe. Freagair na ceisteanna i **nGaeilge**.

一九二六年十二月，英国举行了第一次世界乒乓球比赛。现在，乒乓球是世界有名的体育运动。亚洲国家的人们很喜欢乒乓球运动。

| | |
|---|---|
|  Jan-Ove Waldner | Jan-Ove Waldner 是瑞典的运动员。中国人很喜欢他，叫他'老瓦'。他在一九九二年参加了奥林匹克比赛，得到了金牌。在亚洲国家外，他是第一个得到这个金牌的。 |
|  孙颖莎 | 孙颖莎是中国的运动员。她二〇〇〇年十一月四日出生。她五岁开始学习打乒乓球。二〇一七年，她第一次得到了世界冠军。 |
|  Ai Fukuhara | Ai Fukuhara 一九八八年十二月一日在日本出生。她是日本参加奥林匹克最小的乒乓球运动员。她在中国学习过乒乓球。她的乒乓球打得很好，人也很友好。中国人很喜欢她。 |

Foclóir: 举行 = greim a bhreith ar, 亚洲 = an Áise, 瑞典 = an tSualainn, 奥林匹克 = na cluichí Oilimpeacha, 金牌 = bonn óir, 冠军 = seaimpín

**(a)** Cad is brí le ‘乒乓球’?

| |
|---|
| |

**(b)** Cén tír ina raibh an chéad chomórtas ‘乒乓球’ domhanda ar siúl?

| |
|---|
| |

**(c)** Thug na Sínigh leasainm ar Jan-Ove Waldner. Cad é an leasainm sin? Freagair i **Mandairínis**.

| |
|---|
| |

**(d)** Cén fáth a raibh an bonn óir a bhuaigh Jan-Ove Waldner suntasach, de réir an téacs?

| |
|---|
| |

**(e)** Taitníonn Ai Fukuhara le Sínigh ar chúpla cúis. Luaigh **dhá** chúis díobh sin.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| Cúis 2: |

**(f)** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is maith le daoine san Áise an spórt seo go mór. | | |
| **(ii)** | Bhuaigh 孙颖莎 a céad chluiche in aois a cúig bliana. | | |
| **(iii)** | Ba é Ai Fukuhara an lúthchleasaí Seapánach Oilimpeach is óige sa spórt seo, de réir an téacs. | | |

**Ceist 4**

Léigh an fógra ríomhphoist seo a leanas. Freagair na ceisteanna i **nGaeilge**.

大家好：

2024年的中文夏令营要开始了。

书法班：你学习中文多长时间了？你喜欢学习汉字吗？在我们的书法班，你可以学习中文和汉字的历史，用书法写汉字。想写自己的中文名字？想用汉字画画？没问题！

美食班：你喜欢吃中国菜吗？你想学习怎么做中国菜吗？来这个班吧！我们教你在中国饭店买好吃的菜，和服务员聊天，自己在家做几个中国菜！

音乐班：你喜欢听音乐吗？你喜欢唱歌吗？这里可以听音乐，学唱歌，交朋友。我们有小学生可以学习的儿歌，有中学生可以唱的流行歌。如果你的中文很好，可以来试试中文说唱！

祝好！

黄老师

Foclóir: 夏令营 = campa samhraidh, 书法 = callagrafaíocht, 儿歌 = rann do pháistí,

流行歌 = amhrán pop, 说唱 = ceol rap

**(a)** Ag an gcampa callagrafaíochta is féidir foghlaim ó **cheithre** chineál gníomhaíochtaí. Ainmnigh **dhá** cheann díobh.

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht 1: | |
| Gníomhaíocht 1: | |

**(b)** Ag an gcampa bia, is féidir **trí** chineál scileanna éagsúla a fhoghlaim. Ainmnigh **dhá** cheann díobh.

| | |
|---|---|
| Scil 1: | |
| Scil 2: | |

**(c)** Cad is brí leis na habairtí seo a leanas? Freagair i **nGaeilge**.

(i) 这里可以听音乐，学唱歌，交朋友。

(ii) 如果你的中文很好，可以来试试中文说唱！

**(d)** Cad é an leagan Mandairínise de 'Le dea-mhéin' sa ríomhphost seo? Freagair i **Mandairínis**.

**(e)** Cé scríobh an ríomhphost seo? Freagair i **Mandairínis**.

**(f)** Luaigh cosúlacht **amháin** nó difríocht **amháin** idir an leagan amach a bhíonn ar ríomhphost i Mandairínis agus i nGaeilge.

## Roinn B Scríobh na Teanga 80 marc

**Ceist 5**

Freagair cuid **(a) NÓ (b) NÓ (c)**. Bíodh thart ar **50 carachtar Mandairínise** i do fhreagra.

**(a)** Tá tú chun cóisir a bheith agat an Domhnach seo chugainn do do lá breithe. Scríobh cuireadh chuig do chara 李华. Bíodh freagraí ar na ceisteanna seo a leanas san áireamh agat.

- Cá mbeidh an chóisir ar siúl?
- Cén t-am a dtosóidh an chóisir agus cén t-am a gcríochnóidh sí?
- Cén cineál gníomhaíochtaí a bheidh ar fáil ag an gcóisir?

**NÓ**

**(b)** Fuair tú cuireadh chuig cruinniú. Tabhair freagra ar an gcuireadh agus tabhair an t-eolas seo a leanas don duine atá ag eagrú na hócáide.

- Deimhnigh go mbeidh tú i láthair ag an ócáid
- An t-am ar dócha go mbeidh tú ann
- Do riachtanas cothaithe

**NÓ**

**(c)** Cheannaigh tú rud éigin le déanaí a thaitníonn go mór leat agus ba mhaith leat an t-earra sin a roinnt le do dhlúthchara. Cuir teachtaireacht chuig do chara faoin earra seo.

- Cad a cheannaigh tú?
- Cén praghas a bhí air?
- Conas a bhainfeá úsáid as?

**Ceist 6**

Freagair cuid **(a) NÓ (b) NÓ (c).** Bíodh thart ar **100 carachtar Mandairínise** i do fhreagra.

**(a)** Scríobh aiste ghearr ag déanamh cur síos ar cheann de na féilte is fearr leat.

Bíodh freagraí ar na ceisteanna seo a leanas san áireamh agat.

- Cad í an fhéile is fearr leat?
- Cén fáth ar maith leat an fhéile seo?
- Conas a dhéanann daoine an fhéile seo a cheiliúradh?

**NÓ**

**(b)** Rinne tú staidéar ar an Mandairínis ar scoil, agus ba mhaith eolas a fháil faoi na deiseanna chun leanúint den staidéar sin san ardoideachas. Scríobh ríomhphost chuig ollscoil chun freagraí a fháil ar na ceisteanna seo a leanas.

- Cad iad na cúrsaí Mandairínise a chuireann sí ar fáil?
- Cad is féidir a fhoghlaim sna cúrsaí sin?
- Cad iad na deiseanna gairme a d'fhéadfadh sé a chur ar fáil?

**NÓ**

**(c)** Scríobh aiste ghearr ag déanamh cur síos ar do theaghlach. Bíodh freagraí ar na ceisteanna seo a leanas san áireamh agat.

- Cé hiad do theaghlach?
- Cad iad na poist atá acu?
- Conas a chaitheann sibh an deireadh seachtaine le cheile?

Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.  Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.  Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.  Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht Um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Mandairínis

Dé Luain, 17 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00

2024. M118AT **2024L566A2IL**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Mandairínis

## Ardleibhéal

## Triail Chluastuisceana

## Dé Luain, 17 Meitheamh Tráthnóna 12:10 – 12:50

100 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**Dáta Breithe**

| | | / | | | / | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

Scríobhtar 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |
| F | |
| **Iomlán** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

**Freagair gach ceist.**

N.B. **Caithfear gach ceist a fhreagairt i nGaeilge, ach ní gá abairtí iomlána a scríobh.**

Seinnfear gach roinn **trí** huaire: ó thús deireadh an chéad uair, ansin ina míreanna agus sosanna eatarthu, agus ansin ó thús deireadh arís.

Léigh na treoracha go cúramach.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo.

# Roinn A

Cloisfidh tú comhrá idir Seán agus Lisa.

**1.** **(a)** Cá bhfuil an comhrá ar siúl?

**(b)** Cad é an bia is fearr le Seán?

**2.** **(a)** Cé mhéad airgid atá ag Lisa?

**(b)** Cad a cheapann Sean faoin mbia?

**(c)** Cad é an bia is saoire atá luaite ag Seán?

**3.** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| **(i)** D’ordaigh Lisa dhá sciar bia. | | |
| **(ii)** D’ordaigh Lisa lacha rósta. | | |

## Roinn B

Cloisfidh tú Jessica ag déanamh cur síos ar a teach.

**1.** **(a)** Cad as do Jessica?

| |
|---|
| |

**(b)** Cé mhéad seomra atá i dteach Jessica?

| |
|---|
| |

**2.** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| **(i)** Tá cistin bheag thíos staighre. | | |
| **(ii)** Tá deartháir Jessica ina chónaí thíos staighre. | | |
| **(iii)** Tá dhá sheomra folctha thuas staighre. | | |
| **(iv)** Oibríonn máthair Jessica go minic sa seomra staidéir. | | |

**3.** Cén saghas tí a theastaíonn ó Jessica a cheannach sa todhchaí?

| |
|---|
| |

## Roinn C

Cloisfidh tú comhrá idir Lucy agus David.

**1.** **(a)** Conas a tháinig David anseo?

| |
|---|
| |

**(b)** Cá fhad a thóg sé ar David teacht anseo?

| |
|---|
| |

**2.** Luaigh Lucy **trí** chineál tae. Ainmnigh **dhá** chineál díobh.

| |
|---|
| **(i)** |
| **(ii)** |

**3.** **(a)** Cén bia is féidir a ordú? Ainmnigh bia **amháin**.

| |
|---|
| |

**(b)** Cén fáth **NÁR** ordaigh Lucy bia?

| |
|---|
| |

# Roinn D

Cloisfidh tú comhrá idir Jack agus Fiona.

**1. (a)** Cén t-ainm atá ar an leabhar?

**(b)** Cé a luaigh an leabhar seo le Fiona ar dtús?

**2. (a)** Cén fáth a gceapann Jack go bhfuil an leabhar seo deacair?

**(b)** Cén lá a bhfuil scrúdú ag Fiona?

**3. (a)** Cad é náisiúntacht Jack?

**(b)** Cad is féidir le Fiona a mhúineadh do Jack?

**(c)** Cá bhfuil siad ag dul chun bualadh le chéile?

## Roinn E

Cloisfidh tú comhrá idir John agus Aoife.

**1.** **(a)** Cad é ráiteas Aoife faoin Spáinn?

**(b)** Cén fáth a dteastaíonn ó John dul go dtí an Spáinn?

**2.** **(a)** Cén dáta i mí Iúil a bhfuil sé beartaithe ag John imeacht?

**(b)** Cén fáth a bhfuil Aoife ar fáil chun dul le John i mí Iúil?

**3.** Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá na habairtí seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| **(i)** Teastaíonn ó John dul go dtí an gailearaí ealaíne. | | |
| **(ii)** Is féidir leis an mbeirt acu snámh. | | |
| **(iii)** Tá siad ag pleanáil imeacht ar bhád. | | |

## Roinn F

Cloisfidh tú comhrá idir Cheng Chao agus Ms Zhang.

**1.** **(a)** Cad é an gaol atá idir Cheng Chao agus Ms Zhang?

**(b)** Cathain a thug Cheng Chao cuairt ar an dochtúir?

**(c)** Rinne an dochtúir **dhá** mholadh. Ainmnigh moladh **amháin** díobh.

**2.** **(a)** Cén lá a bhfuil sé beartaithe acu dul chuig an bpictiúrlann?

**(b)** Cá fhad a mhaireann an scannán?

**3.** **(a)** Cad a dhéanfaidh Cheng Chao tar éis scoile ar an Aoine?

**(b)** Cén duine a mbeidh a lá breithe ann ar an Domhnach?

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht Um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Leaving Certificate – Ardleibhéal

# Mandairínis

Dé Luain, 17 Meitheamh
Tráthnóna 12:10 – 12:50